# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Meán Fómhair 2016

## San eagrán seo:


- Scoilzón
- Translink
- Briseadh ar Bhalcaisí/ Cash for Clobber
- Múinteoir Glas na Bliana
- Lá Bí Glas le hÉide Ghlas
- Wrigley Litter Less
- Topaic na Míosa: Fuinneamh
- Nuacht Scoileanna
- Nuacht na gComhairlí
- Nuacht Idirnáisiúnta
  - TÓT/YRE
  - FOI/FEE
- Nuacht Eile
  - Dúshlán Dúlra an CRCÉ/RSPB
- Seoladh Thionscnamh an Phobail
- Spriocdhátaí


## Crios Nua Scoile ar líne anois



Logáil isteach ar ár Scoilzón nua de chuid Éicea-Scoileanna ar an suíomh gréasáin agus sábháil do chuid oibre agus sonraí uilig ar Éicea-Scoileanna in aon áit amháin. Tá an t-iarratas nua cuíchóirithe ar líne don Bhrat Glas le fáil ón Scoilzón fosta.

Táimid dóchasach go mbeidh an spás nua dinimiciúil seo ina áit-le-dul agat is cuma cén staid a bhfuil tú aici i bpróiseas Éicea-Scoileanna. Tosaigh a shábháil doiciméad agus sonraí anseo anois le do chuid iarratas san am atá le teacht a dhéanamh níos fusa. Is féidir sonraí a shi-ardhátú fiú amháin - nuair a bheas sé curtha isteach, tá rogha ann é a íoslódáil i bhformáid fheidhmiúil Excel is féidir a úsáid ansin le haghaidh tascanna uimhearthachta. Tugtar duit fosta leagan inphriontála de bhileoga bailiú sonraí le húsáid ar fud na scoile agus tú ag bailiú do chuid eolais.

Tá pleanálaí bliana Éicea-Scoileanna ar fáil anois fosta sa Scoilzón agus is féidir leat clárú go huathoibríoch anseo le haghaidh réimse de thionscadail leanúnacha den scoth.

Fáilte roimh d'aiseolas ar an réimse nua seo agus ar an phróiseas iarratais. Má tá fadhb ar bith agat nó aon deacracht agat logáil isteach téigh i dteagmháil linn.

## Iarrtar ar scoileanna 'GNÍOMHÚ!' ar Dhúshlán Taistil Translink

Tá lúcháir ar Éicea-Scoileanna a bheith ag obair le Translink ar an Dúshlán Taistil don ochtú bliain. Ba bhreá linn gach scoil a fheiceáil páirteach ann agus iad ag smaoineamh ar bhealaí glasa le dul ar scoil. An teannas thart ar gheataí na scoile a laghdú, na tuismitheoirí a chur a smaoineamh go héiceolaíoch, agus sult a bhaint as na tairbhí sláinte a thig nuair a fhágann siad an carr ina ndiaidh ar thurais ghearra, a fháil aer úr agus aclaíochta.




*Daltaí ó Ulidia Integrated College agus Acorn Integrated Primary a thug faoi Dhúshlán Taistil Translink Tagus a dúirt linn cén fáth gur #corraitheoirí cliste iad.*

Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte anois do gach scoil. Leanann an Dúshlán ar aghaidh i rith na bliana go dtí **22 Bealtaine**, ar feadh aon **2 sheachtain** a roghnóidh sibh féin. Spreagtar an taisteal inbhuanaithe chun na scoile agus déantar torthaí a chlárú sna hacmhainní a thugtar. Seol na torthaí chugainn agus beidh seans agaibh sárdhuaiseanna a bhaint.

Tá cuireadh ar dhaltaí i mbliana fosta cur isteach ar thionscadal cruthaitheach **#Corraitheoirí Cliste** - le hiontráil ghearr scríofa agus grianghraif léi nó **gné nua i mbliana** gearrthóg físe 30 soicind leis an fhrása: '***Is corraitheoirí cliste muid cionn is…'***

Eagrófar searmanas ceiliúrtha bronnta ag Stáisiún Láir, Béal Feirste, i Meitheamh. Gach scoil a sheolann isteach torthaí agus/nó tionscadal #Corraitheoirí Cliste cuirfear iad i gcrannchur chun turas scoile a fháil le Ulsterbus go BÁC. Ní comórtas é seo go díreach ach tionscadal iontach a bhfuil a lán acmhainní foghlama agus monatóireachta ag dul leis. Chun breis eolais a fháil ar na duaiseanna agus ar na hacmhainní iontacha gabh chuig www.translink.co.uk/ecoschools nó cuir ríomhphost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Duaiseanna móra á mbaint ag scoileanna le Briseadh ar Bhalcaisí/ Cash for Clobber

Tá scoileanna ar fud na tíre ag glacadh páirt sa chomórtas 'Briseadh ar Bhalcaisí/' atá á reáchtáil i gcomhar le hÉicea-Scoileanna agus Cookstown Textile Recyclers. Is dóigh iontach é seo le bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht trí athchúrsáil agus airgead fiúntach a bhailiú do na scoileanna atá rannpháirteach ann.

Anuraidh ghlac 235 scoil páirt ann agus bhailigh siad ollcharn de 275 tonna éadaí. Dá nglacfadh gach scoil i dTÉ páirt thiocfadh 1163 tonna éadaí ó líonadh talaimh a atreorú chuig athúsáid nó athchúrsáil. Ní hamháin gur cuidiú mór ag an timpeallacht é sin ach faigheann na scoileanna fosta **40p an cileagram** do na héadaí a bhailítear, ar airgead luachmhar é dá dtograí scoile.

Na scoileanna a bhailíonn an méid is mó teicstíle in aghaidh an dalta tá seans acu an comórtas bliantúil 'Briseadh ar Bhalcaisí/Cash for Clobber' a bhaint ina bhfuil **scothdhuaiseanna suas le £1,500**. Is é 30 Mei 2017 dáta druidte an chomórtais i mbliana.

Anuraidh bhí ríméad ar Orangefield Primary School, Béal Feirste, nuair a bhain siad an chéad duais sa rannán mór bunscoile. Bhain St Scire's Primary School, Trí Leac, i rannán na scoileanna meánmhéide agus bhain The Magic Roundabout Playgroup, na Coracha Móra, i rannán na scoileanna beaga.




*Lúcháir ar Orangefield Primary, Béal Feirste, gur chroch siad leo mórdhuais in Cash for Clobber*

Is é Cookstown Textile Recyclers an t-aon chomhlacht athchúrsáil éadaí le teastas de chuid BSI a mholann Éicea-Scoileanna. Tugtar na héadaí a bhailítear do thíortha i mbéal forbartha, sin nó athchúrsáiltear iad ina snáithíní tionsclaíochta. Iarrtar ar scoileanna ar mian leo a bheith páirteach scairt a chur ar Fhoireann Bhriseadh ar Bhalcaisí ar **028 9447 9380** nó dul chuig www.cashforclobber.com nó chuig www.eco-schoolsni.org.

# Lá Bí Glas le hÉide Ghlas

## Dé Luain 24 – Dé hAoine 28 Deireadh Fómhair.

*An bhfuil a fhios agat gur carthanas a eagraíonn Éicea-Scoileanna?*

Tá an carthanas comhshaoil, Keep Northern Ireland Beautiful, a reáchtálann clár Éicea-Scoileanna i dTÉ, ag iarraidh ar do scoil lá spraoi bailiú airgid a eagrú ionas gur féidir linn leanúint den chlár saor agus de mheasúnuithe an Bhrait Ghlais a sholáthar do scoileanna.

Seol do shíntiús trí sheic iníoctha le Keep Northern Ireland Beautiful chuig an seoladh ag bun na nuachtlitreach. Cuir nóta leis a rá gur tabhartas Bí Glas le hÉide Ghlas é d'Éicea-Scoileanna agus cuir isteach ainm agus seoladh do scoile.

*Ba bhreá linn do ghrianghraif ón Lá Glas a fheiceáil.*






**Le hÉide Ghlas!**

**Tar ar scoil in éide ghlas agus iarr ar gach dalta/clann agus ball foirne a ghlacann páirt £1 a thabhairt.**

**Bí Glas!**

**Déan gníomh glas simplí m.s.**
**1. Siúl nó rothaíocht ar scoil**
**2. Lón gan dramhaíl ar bith**
**3. Soilse a mhúchadh ar feadh uaire**
**4. Rud a phlandú sa gharraí**
**5. Roinnt bruscair a bhailiú**
**6. Ceacht gan pháipéar a phleanáil**
**NÓ do smaoineamh iontach féin a cheapadh!**

**Cuirfimid admháil agus teastas chugaibh a ghabháil buíochais libh as bhur rannpháirtíocht.**

## Wrigley's Litter Less - Ar Lorg 30 Scoil sa Tuaisceart

Is é seo an séú bliain a bheas feachtas Litter Less de chuid Wrigley á reáchtáil i dTuaisceart Éireann trí Éicea-Scoileanna, Keep Northern Ireland Beautiful. De bharr ardsuim a bheith á chur san fheachtas seo cuirfear próiseas gearr iarratais i bhfeidhm chun scoileanna a chur ar ghearrliosta. Tá an feachtas ag tarlú in 31 tír go hidirnáisiúnta agus anuraidh bhí baint ag 280,000 duine óg leis.

Tá 30 áit ar fáil ar Fheachtas Níos Lú Bruscair na bliana seo i dTÉ agus maoiniú de $500 (tuairim ar £300 ag brath ar rátaí malairte) ar fáil do gach scoil chun feachtas le téama bruscair nó dramhaíola a chur i bhfeidhm. Beidh an feachtas ann ó Dheireadh Fómhair go mí Aibreáin. Déan teagmháil le Ruth Van Ry le haghaidh tuilleadh eolais. **17 Deireadh Fómhair 2016 an dáta druidte.**

**Turas Scoile Cuir sa Bhruscar É/Bin It!**

Is clár scoile *saor* é Cuir sa Bhruscar É/Bin It! ina bhfuil duaiseanna le baint a reáchtáiltear ar feadh 16 seachtaine ar fud na RA. Tá an clár á urrú ag Wrigley Company, agus rachaidh sé chuig suas le 20 scoil i dTuaisceart Éireann in 2016. Agus é go hiomlán saor do scoileanna, is clár aisteoir-threoraithe é Cuir sa Bhruscar É/Bin It! a ceapadh chun tabhairt ar scoláirí smaoineamh ar an iompar taobh thiar de bhruscar a chaitheamh agus a meon i leith an bhruscair a athrú. Tá an cheardlann 45 bomaite seo dírithe ar dhéagóirí 11-13 agus oireann sé do cheacht amchláraithe sna scoileanna. Is fóram spreagúil agus idirghníomhach é Caith sa Bhruscar É/Bin It! do scoláirí Eochairchéim 3 agus clúdaíonn sé pointí tábhachtacha foghlama atá ina gcuid den churaclam An Comhshaol agus an tSochaí.

Beidh an ródseó Cuir sa Bhruscar É/Bin It! Ar fáil do scoileanna i dTuaisceart Éireann ón Luan 14 Samhain go dtí an Aoine 25 Samhain. Tá gach meánscoil i dteideal seó a iarraidh agus cuirtear in áirithe iad ar bhonn tús áite don té is túisce. Scoil ar bith ar mian leo seó a iarraidh féadann siad é sin a dhéanamh ach scairt a chur ar ár bhfoireann áirithinte ar **020 8973 0040**.

# Topaic na Míosa: Fuinneamh

Is topaic iontach agus sorochtana ag do dhaltaí é an fuinneamh le dul ina cheann. Mura mbeadh ann ach ceist soilse agus fearais a mhúchadh, nó táirgeadh fuinneamh inbhuanaithe níos forbartha, bíonn deis ag gach scoil difríocht a dhéanamh dá mbillí leictreachais agus teasa. Is rud an-éifeachtach é fosta feasacht daltaí a ardú ar an áit as a dtagann a gcuid fuinnimh agus iad a spreagadh leis an eolas sin a thabhairt abhaile leo.




Sárleideanna do scoileanna

- Tascfhórsa fuinnimh a bhunú chun seiceáil a dhéanamh ar sheomraí (agus ar mhúinteoirí!)
- Duaiseanna a bhronnadh agus na ranganna is fearr a n-éiríonn leo a fhógairt le linn tionóil
- Léamha rialta méadair a ghlacadh agus na sonraí a iontráil sa Scoilzón
- Lá Fuireachais a eagrú le feiceáil cén tionchar is féidir a bheith agaibh i lá amháin (thuairisc scoileanna laghdú 20% ina gcuid fuinnimh ar laethanta Fuireachais)
- Ceachtanna fuinneamh inbhuanaithe a chur isteach i do churaclam agus gaoth agus painéil ghréine a iniúchadh
- Stocaireacht a dhéanamh le haghaidh painéil ghréine i do scoil.

Is iomaí acmhainn iontach atá ar fáil le cuidiú libh leis na gníomhaíochtaí fuinnimh:
Bileog Taifid Lá Fuireachais
Cás-staidéar Fuinnimh Fair Hill Primary
Na Spriocanna Domhanda - Sprioc 7 'Fuinneamh Glan ar Phraghas Réasúnta'
Gníomhaíochtaí agus cuairteanna ar Scoil Fuinnimh Bryson/ Bryson Energy

7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY

# Nuacht Scoileanna:

Rinne dhá naíscoil le Brat Glas i mBéal Feirste óstáil ar ghrúpa múinteoirí naíscoile faoi oiliúint ó Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis an mhí seo. D'óstáil Ravenscroft Nursery School agus St Peter's Nursery School, atá ar an 3ú Brat Glas, na hábhair múinteora chun léargas praiticiúil a thabhairt ar chlár Éicea-Scoileanna a reáchtáil ag an leibhéal sin. Chrom na múinteoirí ar an obair le daltaí caoi a chur ar gharraithe scoile. Is sárshamplaí iad na scoileanna seo ar an dóigh a dtig le clár dalta-threoraithe Éicea-Scoileanna feidhmiú le daltaí atá an-óg, trína lán gníomhaíochtaí teagmhálacha agus trí iompar dearfach a chothú ag aois an-luath ionas go dtiocfaidh sé leo go nádúrtha. Is iontach a fhios a bheith againn go bhfuil todhchaí Éicea-Scoileanna slán agus iadsan ina ceann!



*Sa phictiúr: Crochann daltaí ag St Peter's Nursery beathadáin éan déanta as coimeádáin athchúrsáilte.*

## Múinteoir Glas na Bliana 2016



An bhfuil aithne agat ar mhúinteoir a spreagann a chuid daltaí agus a chomhoibrithe leis an mhíle inbhuanaithe bhreise a dhéanamh? Ba bhreá linn cluinstin fúthu. Seol iontráil isteach chugainn le haghaidh Múinteoir Glas na Bliana faoi **28 Deireadh Fómhair** agus bain don mhúinteoir an t-aitheantas atá tuillte aige. Tabharfar amach duaiseanna agus gradaim ag Comhdháil Múinteoirí Éicea-Scoileanna i mí Mhárta agus tabharfar cuireadh do mhúinteoirí agus do dhaltaí teacht agus sult a bhaint as an eispéireas. Eolas thíos faoi **chur isteach** air.

Seoladh daltaí ríomhphost chuig eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org nach mó é ná 100 focal a mhíniú cén fáth ar chóir dá múinteoirí a bheith ainmnithe ina "Múinteoir Glas na Bliana 2016". **Is d'Eochairchéim 2 amháin atá an comórtas seo á reáchtáil.**

Is féidir le daltaí freagra a thabhairt i bhfoirm dáin, litreach, clárscéil, aiste, grianghraif, físeáin nó cibé cad é is fearr a mheasann tú a fhreagraíonn an cheist – coinnigh cuimhne go díreach go gcaithfidh d'iontráil a bheith laistigh den teorainn focal!

## Nuacht na gComhairlí:
## Cruinnithe Cnuasghrúpaí Éicea-Scoileanna -

### Aontroim Láir agus Thoir
**Iad uilig ag 2pm - 4pm**

- **4 Deireadh Fómhair, Carraig Fhearghais;**
- **5 Deireadh Fómhair, Látharna;**
- **agus 6 Deireadh Fómhair, an Baile Meánach -**

**Déan teagmháil le Barry Tapster le breis sonraí a fháil.**

### An Aird agus Tuaisceart an Dúin:
**13 Deireadh Fómhair, 3 - 4.15pm - Baile nua na hArda - Teagmháil Clive Catterson**

### Gach Scoil i gComhairle Buirge an Iúir, Mhúrn agus an Dúin á nGairm
### Cuir isteach ar Chomórtas Póstaeir Fhéilire Comhshaoil na Comhairle




Tá cead ag daltaí i Rang 6 agus 7 i mbunscoileanna agus i mBliain 8, 9 agus 10 i meánscoileanna an Cheantair cur isteach ar an chomórtas. Beidh an trí cinn déag de na póstaeir is fearr le téama comhshaoil a roghnaíonn na moltóirí beidh siad le feiceáil i bhFéilire Comhshaoil Bliantúil na Comhairle do scoileanna, arb é seo an ceathrú eagrán déag díobh. Tá roinnt duaiseanna agus teastais mhaithe le baint - agus gheobhaidh gach scoil sa Dúiche cóip den Fhéilire críochnaithe saor in aisce. *Is é Dé hAoine 7 Deireadh Fómhair an dáta druidte d'iontrálacha.* Le haghaidh tuilleadh sonraí déan teagmháil le patrick.mcshane@nmandd.org

Buíochas mór leis na Comhairlí seo a leanas a thugann tacaíocht do Chlár Éicea-Scoileanna'

## Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:
### Tuairisceoirí Óga don Timpeallacht (TÓT/YRE).

Táimid ag lorg gach ábhar tuairisceora, grianghrafadóra agus físghrafadóra Iar-Bhunscoile. Is mian linn bhur dtuairim faoi cheist chomhshaoil a bhfuil spéis agat inti. Déan iniúchadh, mol réiteach, tabhair tuairisc agus comhroinn do scéal. Chun páirt a ghlacadh léigh níos mó faoi anseo agus déan teagmháil le Ruth Van Ry chun clárú.

### Acmhainní Óige seolta ag Clár Comhshaoil na NA

An oibríonn tú le daoine óga? An bhfuil tú ag obair ar thomhaltas inbhuanaithe agus a thoradh sin sa mhargadh saothair? Tá áthas orainn a chur in iúl duit go bhfuil dhá fhoilseachán YouthXchange de chuid UNEP/UNESCO ar fáil anois a rabhthas ag fanacht orthu le fada :

YouthXchange: Green Skills and Lifestyles Guidebook
YouthXchange Biodiversity & Lifestyles Guidebook

### Comhthionól Ginearálta FOI/FEE

Reáchtáladh Comhthionól Ginearálta na Fondúireachta um Oideachas Imshaoil san India an mhí seo. Tá lúcháir orainn tréaslú lenár POF féin ar Keep Northern Ireland Beautiful, Dr Ian Humphreys, a ceapadh ina bhall ar Bhord FOI/FEE.

## Nuacht de chuid Keep Northern Ireland Beautiful:

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful a reáchtálann Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann. Seo daoibh an nuacht is deireanaí ó réimsí eile den eagraíocht:

**Caomhnaigh Cearn Bheag/Adopt A Spot** Is deis é seo chun obair dheonach a dhéanamh trí Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here a ligeann do ghrúpaí ar fud Thuaisceart Éireann a rogha ceantair a uchtú go foirmiúil agus aire a thabhairt di. Féadfaidh sí a bheith ina scoil, páirc, bóthar, trá agus is féidir le gach duine a bheith páirteach, teaghlaigh, grúpaí pobail, cumainn spóirt agus gnólachtaí. Tabharfar na huirlisí agus an trealamh do na grúpaí sin le hamharc i ndiaidh an cheantair ar feadh dhá bhliain ar a laghad agus tiomnaíonn siad am ceithre huaire sa bhliain chun an ceantar a ghlanadh agus eolas a thuairisciú ar ais chuig suíomh idirlín Is Breá Linn an Baile Seo/ Live Here Love Here. Más mian leat a bheith páirteach cliceáil anseo.




*Sa phictiúr: Daltaí Ulidia Integrated College ag glanadh thart ar an scoil agus ceantar an chósta Charraig Fhearghais le Caomhnaigh Cearn Bheag/Adopt a Spot.*

**Ná déan dearmad do thacaíocht don fheachtas Is Breá Linn an Baile seo a ghealladh agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh sa phobal.**

## Nuacht Eile: Dúshlán Dúlra – scéim nua an CRCÉ/RSPB ag soláthar acmhainní agus gníomhaíochtaí do Scoileanna

Is é an Dúshlán Dúlra do sheans chun cuidiú leis an fhiabheatha, an dúlra a thaiscéaladh, agus oibriú i dtreo gradam trí rogha de ghníomhaíochtaí spraoi agus oideachais. Spreagann scéim ghradam úrnua ar líne an CRCÉ/RSPB do rang le dul amach agus luí isteach ar eachtra faoin aer.




Tá nasc idir an scéim agus Topaic Bithéagsúlachta Éicea-Scoileanna agus tugtar gníomhaíochtaí ann a chuideoidh le do scoil bogadh i dtreo do Bhrait Ghlais nó é a choinneáil.

Is féidir roghnú as measc 24 gníomhaíocht digiteach -chuidithe le dul amach, taiscéaladh agus dul i mbun gnímh don dúlra — i rith na bliana ar fad, ar thailte na scoile nó níos faide ó bhaile, cibé áit a mbíonn tú. Tá acmhainní agus treoracha cuiditheacha ann ionas go mbeidh a fhios agaibh go díreach cad é a bheas de dhíth ort, cad é a thig leat a dhéanamh agus cad é mar a thig le do rang a ngradaim chré-umha, airgid agus óir a bhailiú.

Cén dúshlán dúlra a dtabharfaidh tú faoi? Le clárú saor in aisce anois, gabh chuig www.rspb.org.uk/schoolswildchallenge.

## Daoine óga troid ar son an dúlra le Dúshlán an Phobail

Ní baol d'ógánaigh agus fiabheatha Thuaisceart Éireann a bhuíochas do thionscnamh nua atá faoi stiúir Ulster Wildlife – Dúshlán an Phobail / Grassroots Challenge.

De bharr an chláir £1m atá á mhaoiniú ag an Big Lottery tabharfar na scileanna, an t-eolas agus an mhuinín do 5000 ógánach chun lámh chuidithe a thabhairt don dúlra ina gcomhphobail áitiúla, trí thionscadail 'fiasmaointe' a dhéanamh.

Spásanna dearmadta logánta a chóiriú ina dtearmainn don fhiabheatha agus don phobal, nó daoine fásta agus páistí a spreagadh leis an dúlra trí imeachtaí agus suirbhéanna ina gcomharsanacht féin, tabharfaidh an Dúshlán Dúlra deis do dhaoine óga a mianach iomlán a fhorbairt trí Chlubanna Feirmeoirí Óga, Gradam Dhiúc Dhún Éideann agus scoileanna speisialta.

Chomh maith le forbairt a dhéanamh ar na scileanna a theastaíonn le bheith ina gceannairí comhshaoil, bíonn an deis ag daoine óga fosta oibriú i dtreo cáilíocht theastaithe chomhshaoil. Seansanna fostaíochta agus oideachais a fheabhsú, stádas éicea-chlub a bhaint amach, agus foghlaim conas dul i gcion ar chinntí ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha, le hais comhpháirtithe tionscadail LANTRA, Keep Northern Ireland Beautiful agus Northern Ireland Environment Link. Tuilleadh eolais ag www.ulsterwildlife.org/grassroots.

## Spriocdhátaí 2016-2017 le haghaidh Iarratais ar Bhrat Glas

Glacaimid le hiarratais ar Bhrat Glas **am ar bith i rith na bliana** mar sin féin seo thíos roinnt spriocdhátaí dá mba mhaith libh go ndéanfaí measúnú oraibh roimh am áirithe sa bhliain:




- Measúnú **Roimh an Nollaig**: **4 Samhain 2016**
- Measúnú **Roimh an Cháisc**: **6 Eanáir 2017**
- Measúnú **an tSamhraidh** (roimh 23 Meitheamh): **10 Márta 2017**

Déanfaimid ár ndícheall scoileanna a mheas cé go mbeadh a n-iarratas istigh i ndiaidh na ndátaí atá molta ach b'fhéidir nach n-éireodh linn, go háirithe le linn théarma an tsamhraidh, a bhíonn an-ghnóthach. Mar sin de bí ar thús an tslua agus seol d'iarratas isteach go breá luath.

**Tabhair do d'aire** is é an modh iarratais ab fhearr linn in 2016/17 go n-úsáidfeadh daoine an **córas Scoilzóin ar líne**. Is féidir leat, faoi chúinsí speisialta, an fhoirm pháipéir reatha a íoslódáil agus a chur isteach. Ní ghlacfar feasta le seanleaganacha/as dáta den fhoirm pháipéir.

## Éicea-Scoileanna Ambasadóra

Tá lúcháir orainn a bheith ag leathnú ár scéim le haghaidh Éicea-Scoileanna Ambasadóra i measc níos mó sár-Éicea-Scoileanna.

Is aitheantas é a bheith i d'Ambasadóir le hÉicea-Scoileanna gur Éicea-Scoil inspioráideach shuaitheanta sibh, ina bhfuil sárleibhéil ceannaireachta i measc daltaí agus tacaíochta sa scoil uilig a chinntíonn go mbíonn an inbhuanaitheacht leabaithe in éiteas na scoile. Chomh maith le bheith ag leanúint ar aghaidh ina sárscoil le Brat Glas cuirfear Éicea-Scoil Ambasadóra chun tosaigh mar eiseamláir den dea-chleachtas i gclár Éicea-Scoileanna agus déanfaidh sí meantóireacht ar scoileanna ar lú a dtaithí agus oibreoidh sí leo.

Léigh níos mó ar ár suíomh gréasáin agus déan teagmháil le ruth.vanry chun tuilleadh eolais agus foirm iarratais a fháil le go gcuirfí sibh san áireamh le haghaidh stádais mar Ambasadóir de chuid Éicea-Scoileanna.

**Déan teagmháil linn ag:**
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org
Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD

DAERA
Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs
www.daera-ni.gov.uk
Faigheann Clár Éicea-Scoileanna tacaíocht ó RTCGT
(An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil & Gnóthaí Tuaithe)

**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cás-staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**